C/2025/4222

28.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12041 — ROBERT BOSCH / MITSUBISHI / BOSCH MC BATTERY SERVICE INNOVATIONS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4222)

1. An 18 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Robert Bosch GmbH ('Bosch', an Ghearmáin), faoi rialú Robert Bosch Industrietreuhand KG (an Ghearmáin),

— Mitsubishi Corporation ('MC', an tSeapáin),

— Cuideachta nuachruthaithe: Bosch MC Battery Service Innovations GmbH ('Bosch MC', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Bosch agus MC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Bosch MC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Bosch agus a ghnóthais chleamhnaithe gníomhach ar fud an domhain mar sholáthróirí don tionscal gluaisteán agus mar sholáthróirí d'fhearais tí, de theicneolaíocht téimh, de theicneolaíocht slándála agus de theicneolaíocht fuinnimh agus tógála, de theicneolaíocht rialaithe agus tiomána agus d'uirlisí cumhachta.

— Is fiontar gnó comhtháite domhanda é MC atá gníomhach i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear soghluaisteacht, fuinneamh, miotail, innealra, ceimiceáin, bia agus marsantacht ghinearálta.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag Bosch MC: réitigh chumasúcháin 'ceallra mar sheirbhís' agus seirbhísí comhairliúcháin a fhorbairt agus a dháileadh chun tacú le gnó a chustaiméirí maidir le 'ceallra mar sheirbhís' nó chun an gnó sin a fheabhsú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12041 — ROBERT BOSCH / MITSUBISHI / BOSCH MC BATTERY SERVICE INNOVATIONS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË